# Cur chuige straitéiseach an Aontais i leith na Mara Duibhe



Bealtaine 2025

## Cén chúis atá le fís straitéiseach nua de chuid an Aontais?

Is í Straitéis na Mara Duibhe **fís nua an Aontais** i dtreo **níos mó slándála agus cobhsaíochta**. Leis an Straitéis sin, bainfear leas as **acmhainneacht an réigiúin maidir le nascacht agus fás**, rud a nascfaidh an Eoraip le Cugas Theas, leis an Áise Láir, agus le háiteanna níos faide i gcéin.



Tá an réigiún ríthábhachtach le haghaidh na slándála Eorpaí agus domhanda, na trádála idirnáisiúnta, na slándála fuinnimh agus na slándála bia.

Le cur chuige straitéiseach an Aontais i leith réigiún na Mara Duibhe, cothófar comhar níos dlúithe leis an **Úcráin, le Poblacht na Moldóive, leis an tSeoirsia, leis an Tuirc, leis an Airméin agus leis an Asarbaiseáin**.

© shutterstock

Beidh comhar agus infheistíochtaí i réigiún na Mara Duibhe bunaithe ar **thrí mhórcholún chun borradh a chur faoi réigiún slán, rathúil agus athléimneach**:

## SLÁNDÁIL, COBHSAÍOCHT & ATHLÉIMNEACHT

### TIONSCNAMH SUAITHEANTA:

### SLÁNDÁIL MHUIRÍ NA MARA DUIBHE

- **Mol Slándála Muirí na Mara Duibhe** a bhunú
- Dímhianú a dhéanamh, agus **slándáil agus sábháilteacht mhuirí** a chinntiú
- **Soghluaisteacht mhíleata** agus **cur i bhfeidhm bonneagair dé-úsáide** a chinntiú
- Dul i ngleic le **bagairtí hibrideacha**
- An comhrac in aghaidh **na coireachta eagraithe** agus **na gáinneála**




## FÁS INBHUANAITHE & RATHÚNAS

### TIONSCNAMH SUAITHEANTA:

### CLÁR OIBRE NASCACHTA

- Borradh a chur faoin **trádáil**, leas a bhaint as **nascacht iompair**, **dhigiteach** agus **fuinnimh**
- Forbairt chomhtháite a chothú, leas a bhaint as an **ngeilleagar gorm**, as an **talmhaíocht** agus as an **bhfuinneamh in-athnuaite**, **nuálaíocht** agus **fás eolasbhunaithe** a spreagadh



## COSAINT AN CHOMHSHAOIL, ATHLÉIMNEACHT IN AGHAIDH AN ATHRAITHE AERÁIDE AGUS ULLMHACHT INA LEITH, & COSAINT SHIBHIALTA

### TIONSCNAMH SUAITHEANTA:

### ULLMHACHT NA bPOBAL CÓSTA AGUS EARNÁLACHA AN GHEILLEAGAIR GHOIRM A THREISIÚ

- Aghaidh a thabhairt ar an **damáiste don chomhshaol** a d'eascair as **cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine**
- **Comhar eolaíoch** a chothú, agus faireachán agus malartú sonraí a leathnú
- Athléimneacht an chomhshaoil, athléimneacht i réimse an uisce agus **athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide** a fheabhsú
- **Ullmhacht** agus **bainistiú tubaistí** a chinntiú



© shutterstock

©An tAontas Eorpach, 2025

Ceadaítear athúsáid an doiciméid seo, ar choinníoll go dtugtar an chreidiúint chuí ann agus go sonraítear na hathruithe a dhéantar (Ceadúnas Idirnáisiúnta Creative Commons Attribution 4.0). Chun eilimintí nach leis an Aontas Eorpach iad a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé go mbeadh cead le lorg go díreach ó na sealbhóirí cirt féin. Gach íomhá © An tAontas Eorpach, mura sonraítear a mhalairt.

enlargement.ec.europa.eu
facebook.com/EUEnlargement | x.com/eu_enlargement_ | instagram.com/eu_enlargement

European External Action Service:
x.com/eu_eeas | facebook.com/EuropeanExternalActionService | instagram.com/eudiplomacy/